**COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH**

**An Bhruiséil, 11 Meitheamh 2012 (12.06)**
**(OR. en)**

**10905/12**

**LIMITE**

**FISC 78**

PUBLIC

**NÓTA ÍTIME "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó | An Ardrúnaíocht |
| chuig: | Coreper/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Cód Iompair (Cánachas Gnó)<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. Le linn cruinnithe de chuid na Meithle um an gCód Iompair (Cánachas Gnó) a bhí ar siúl an 4 Meitheamh 2012, chomhaontaigh na toscaireachtaí an tuarascáil ón Meitheal chuig an gComhairle mar a leagtar amach in 10903/12 FISC 77 í agus d'aontaigh siad na dréacht-chonclúidí ón gComhairle a leanas:

"Maidir leis an gCód Iompair (Cánachas Gnó), déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas:

- fáiltíonn sí roimh an dul chun cinn a chuir an Mheitheal um an gCód i gcrích le linn Uachtaránacht na Danmhairge mar a leagtar sin amach ina tuarascáil (10903/12 FISC 77) í;

- iarrann sí ar an Meitheal tuilleadh faireacháin a dhéanamh ar *standstill* agus ar chur i bhfeidhm an rollta siar, agus ar a cuid oibre faoi Phacáiste Oibre 2011;

- spreagann sí an Coimisiúin chun leanúint den chaibidlíocht le tríú tíortha, d'fhonn phrionsabail uile an Chóid agus critéir uile an Chóid a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach i dtuarascáil na Meithle iad agus chun an Mheitheal a chur ar an eolas go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn;
- iarrann sí ar an Meitheal tuairisc ar a cuid oibre a chur faoi bhráid na Comhairle faoi dheireadh Uachtaránacht na Cipire."

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an tuarascáil a chur ar aghaidh (10903/12 FISC 77) i dteannta leis na dréacht-Chonclúidí ón gComhairle thuasluaite chuig an gComhairle agus a mholadh don Chomhairle na dréacht-Chonclúidí sin a ghlacadh mar ítim "A" ar a clár oibre;